Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**14411/25**

**MI 820**
**COMPET 1060**
**CHIMIE 120**
**SAN 665**
**ENV 1089**
**IND 453**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Deireadh Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | TREOIR (AE) .../… ÓN gCOIMISIÚN<br>an XXX<br>lena leasaítear Foscríbhinn A d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2009/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sábháilteacht bréagán, a mhéid a bhaineann le cóbalt |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad […](2025) XXX draft - D 110270/1.

---

Faoi iamh: […](2025) XXX draft - D 110270/1

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, XXX
[…](2025) XXX draft

**TREOIR (AE) .../… ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Foscríbhinn A d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2009/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sábháilteacht bréagán, a mhéid a bhaineann le cóbalt**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

**D110270/01 TREOIR (AE) .../… ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Foscríbhinn A d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2009/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sábháilteacht bréagán, a mhéid a bhaineann le cóbalt**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2009/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 maidir le sábháilteacht bréagán[1], agus go háirithe Airteagal 46(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Bunaítear le Treoir 2009/48/CE ceanglais ghinearálta maidir le substaintí a aicmítear mar shubstaintí carcanaigineacha, só-ghineacha nó atá tocsaineach don atáirgeadh (CMR) faoi Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2]. Níor cheart substaintí CMR de chatagóir 1A, 1B nó 2 a úsáid i mbréagáin, i gcomhpháirteanna bréagán nó i bpáirteanna bréagán atá leithleach ó thaobh micreastruchtúir de, ach amháin más rud é go bhfuil na substaintí sin i dtiúchain aonair atá cothrom leis an tiúchan ábhartha, nó níos lú ná an tiúchan ábhartha, arna bunú i Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 maidir le haicmiú meascán ina bhfuil siad mar CMRanna, nach bhfuil rochtain ag leanaí orthu nó go gceadaítear iad a úsáid. Féadfaidh an Coimisiún cead a thabhairt go n-úsáidfí substaintí CMR de chatagóir 1A, 1B nó 2 i mbréagáin má tá meastóireacht déanta ag an gCoiste Eolaíoch ábhartha ar úsáid na substainte agus gur chinn sé go bhfuil sí sábháilte, go háirithe i bhfianaise nochta, nach bhfuil toirmeasc ar úsáid na substainte in earraí tomhaltais faoi Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] agus ina theannta sin i gcás substaintí CMR de chatagóir 1A agus 1B, nach bhfuil aon substaintí nó meascáin mhalartacha oiriúnacha ar fáil. I bhFoscríbhinn A a ghabhann le hIarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2009/48/CE tá liosta de na substaintí CMR agus a n-úsáidí ceadaithe.

---

1 IO L 170, 30.6.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/48/io.

2 Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lgh. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:32008R1272).

3 Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1907/2014-04-10).

(2) Sa tuairim uaidh[4] a glacadh an 16 Nollaig 2022 agus a ceartaíodh an 9 Márta 2023, shainaithin an Coiste Eolaíoch um Rioscaí Sláinte agus Comhshaoil, agus Rioscaí atá ag teacht chun cinn ('CERTCRTCC') go bhféadfadh cóbalt a bheith i mbréagáin agus ábhair bréagán mar eisíontas i nicil agus i gcóimhiotail a bhfuil nicil iontu. Ta roinnt feidhmeanna ag na hábhair sin i mbréagáin lena n-áirítear úsáid na plátála nicile, bratuithe leictri-sheoltacha agus i gcóimhiotail amhail airgead nicile agus cruach dhosmálta. Thairis sin, sa tuairim chéanna, shainaithin CERTCRTCC gur féidir cóbalt a chur le bréagáin d'aon ghnó, amhail mar shampla i gcás líocha nó dathán chóbailt-bhunaithe, miotail chrua shonracha, ceallraí agus ábhair do phinn 3T agus priontáil 3T.

(3) Maidir le cóbalt ina fhoirm mhiotalach, ach i gcás roinnt salann cóbalt freisin, amhail sulfáit chóbailt, dé(aicéatáit) chóbailt, déníotráit chóbailt, déchlóiríd chóbailt agus carbónáit chóbailt, aicmítear iad faoi Rialachán (CE) Uimh 1272/2008 mar shubstaint charcanaigineach de chatagóir 1B agus mar shubstaint shó-ghineach de chatagóir 2 agus mar shubstaint atá tocsaineach don atáirgeadh de chatagóir 1B, i measc aicmí guaise eile. Tá feidhm ag na haicmithe ón 1 Deireadh Fómhair 2021 don chóbalt miotalach agus ón 1 Nollaig 2019 d'fhoirmeacha ianacha cóbailt eile.

(4) Maidir leis an gcéatadán is airde de chóbalt mar éilleán i nicil, tá sé measta ag tionscal na mbréagán gur airde é de bheagán ná 0,1 % sa chruach dhosmálta agus ná 0,3 % in ábhair mhiotalacha bhréagáin atá beartaithe sruth leictreach a sheoladh agus nach bhfuil déanta de chruach dhosmálta. Tá sé sin níos airde ná an tiúchan ábhartha do charcanaiginí de chatagóir 1B dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, arb é sin 0,1 % de réir thábla 3.6.2 den Rialachán sin. Ní féidir, dá bhrí sin, an maolú ar an toirmeasc ar shubstaintí CMR i mbréagáin, a leagtar síos i gCuid III, pointe 4(a) d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2009/48/CE a chur i bhfeidhm.

(5) Thairis sin, is féidir teacht a bheith ag leanaí ar chóbalt le linn súgradh, amhail nuair a dhéantar teagmháil le hábhair bhréagáin mhiotalacha ina bhfuil cóbalt miotalach nó nuair a thagtar i dteagmháil le salann cóbailt atá i líocha nó dathán amhail i gcosmaidí púdracha do leanaí. Ní féidir, dá bhrí sin, an maolú ar an toirmeasc ar shubstaintí CMR i mbréagáin a thagraíonn do neamh- inrochtaineacht, a leagtar síos i gCuid III, pointe 4(b) d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2009/48/CE a chur i bhfeidhm ach oiread.

(6) I bhfianaise an mhéid thuas, thug an Coimisiún sainordú do CERTCRTCC meastóireacht a dhéanamh ar úsáid cóbailt i mbréagáin, go háirithe i bhfianaise nochta, chun go mbeadh an fhéidearthacht ann na húsáidí sin a cheadú i mbréagáin a measadh a bheith sábháilte.

(7) Sa tuairim uaidh a glacadh an 16 Nollaig 2022 bhreithnigh CERTCRTCC 6 chás (lenar áiríodh modh nochta amháin nó níos mó i ngach ceann: ionanálú, tríd an mbéal agus deirmeach) mar chásanna ábhartha don mheasúnú nochta agus mar chásanna ina sainaithnítear úsáidí sábháilte féideartha a bhféadfaí maolú a dheonú ina leith.

(8) I gcás 1 tá miotail ina bhfuil cóbalt san áireamh chun ligean do shruth leictreach a sheoladh. Sa tuairim uaidh a luaitear thuas mheas CERTCRTCC gur féidir an riosca mar gheall ar ionanálú cóbailt a bhaineann le húsáid miotal ina bhfuil cóbalt a mheas mar riosca diomaibhseach agus nár dhócha dá bhrí sin baint a bheith acu le riosca méadaithe do leanaí a bhíonn ag súgradh leis na bréagáin sin. Sin an fáth gur féidir a mheas, i gcás go bhfuil cóbalt i miotail atá beartaithe sruth leictreach a sheoladh, go

[4] [SCHEER - Scientific Opinion on the safety of the presence of cobalt in toys - European Commission (europa.eu)](https://europa.eu).[CERTCRTCC - Tuairim Eolaíoch maidir le sábháilteacht cóbailt i mbréagáin - An Coimisiún Eorpach (europa.eu).]

bhfuil nochtadh do na miotail sin trí ionanálú sábhailte. Tá CERTCRTCC den tuairim gur féidir a mheas go bhfuil nochtadh craicneach do chóbalt diomaibhseach agus mionsamhail iarnróid agus mionsamhlacha lioscán iarnróid á láimhseáil le linn súgradh nó le linn cóimeála. Aontaíonn CERTCRTCC nach meastar go dtarlóidh aon nochtadh tríd an mbéal díreach trí úsáid bheartaithe na dtáirgí sin, toisc nach dócha go n-ionghabhálfar páirteanna miotail ó na cineálacha bréagán sin. Ní mheastar gur ábhar buartha é rudaí a chur sa bhéal don aoisghrúpa úsáideoirí is mó is dócha a bheidh ag súgradh le mionsamhlacha iarnróid ag a bhfuil rianta miotail. Ní bheadh scríobadh le linn rudaí a chur sa bhéal ábhartha mar gheall ar chruas an ábhair. Mar sin féin, d'fhéadfadh bealach nochta féideartha tarlú trí ionghabháil deannaigh ar lámha nó deannach a bheith ag socrú ar ábhair in aice láimhe, go háirithe ó theagmháil lámh le béal leanaí.

(9) I gcás 2 tá feidhm ag miotail ina bhfuil cóbalt seachas seoltacht leictreach amhail do bhréagáin mhiotail, seodra súgartha, rotháin méire agus maighnéid. Ar bhonn an nochta ionanálaithe dhiomaibhsigh a bhaineann le húsáid na mbréagán sin, gabhann riosca diomaibhseach leis an gconair ionalálaithe do chóbalt agus tá nochtadh do chóbalt trí bhealach an chraicinn do na cineálacha bréagán sin diomaibhseach freisin agus ní dócha go mbeidh baint aige le riosca méadaithe. A mhéid a bhaineann le nochtadh tríd an mbéal, cé gurb é sin an ceann is ábhartha maidir le baol ionghabhála bréagán miotalach ina bhfuil cóbalt, mar gheall ar bhearnaí sna sonraí níorbh fhéidir le CERTCRTCC measúnú nochta cainníochtúil a dhéanamh le haghaidh na mbréagán sin uile ós rud é nár soláthraíodh sonraí ach d'imthaca gránach cruach dosmálta agus do mhaighnéad cairr sliotáin.

(10) I ndáil le bréagáin mhiotail, ní thugann anailís ar imthaca gránach cruach dosmálta aghaidh go hiomchuí ar gach foinse nochta tríd an mbéal a d'fhéadfadh a bheith ann ó bhréagáin mhiotalacha eile a thagann faoin gcás seo. Mar sin féin, ar bhonn na luachanna tagartha tocsaineolaíocha do nochtadh tríd an mbéal atá ar fáil, ríomh CERTCRTCC teorainneacha ascnaimh nua do chóbalt i mbréagáin. Sa tuairim uaidh, sonraíonn CERTCRTCC gur cheart go gcuirfeadh comhlíonadh na dteorainneacha ascnaimh sin cosc ar rioscaí a bhaineann le nochtadh tríd an mbéal. Ós rud é go gcumhdaítear bréagáin agus comhpháirteanna bréagán déanta as cruach dhosmálta i gcás 2, ba cheart a n-úsáid a cheadú.

(11) Mar sin féin, mar gheall ar na héiginnteachtaí maidir le hairíonna carcanaigineacha cóbailt tar éis nochta tríd an mbéal, mhol CERTCRTCC na teorainneacha ascnaimh a laghdú go dtí na leibhéil is ísle is féidir a bhaint amach go teicniúil.

(12) I ndáil le maighnéid, bunaíodh an anailís ar na sonraí a soláthraíodh do mhaighnéad cairr sliotáin. Tacaíonn CERTCRTCC leis an tuairim go bhfuil nochtadh do chóbalt go deirmeach diomaibhseach do mhaighnéad cairr sliotáin agus nach dócha go mbeidh sé bainteach le riosca méadaithe. Measann CERTCRTCC gurb é an nochtadh tríd an mbéal is ábhartha agus molann sé anailís ascnaimh do nochtadh tríd an mbéal. Thairis sin, molann CERTCRTCC maighnéid neoidimiambhunaithe ('maighnéid NdFeB') a úsáid i mbréagáin mar mhalairt ar mhaighnéid Samairiam-Cóbalt (SmCo).

(13) Ós rud é go bhfuil cóbalt miotalach i maighnéid NdFeB i gcainníochtaí is mó ná an tiúchan ábhartha do charcanaiginí de chatagóir 1B da bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, bheadh toirmeasc ar a n-úsáid. Dá bhrí sin, ba cheart úsáid na maighnéad sin a cheadú i gcás nach féidir na maighnéid sin a shlogadh ná a ionanálú, i.e. na maighnéid agus na bréagáin sin agus a gcomhpháirteanna a bhfuil maighnéid iontu nach mionpháirteanna iad de réir an chaighdeáin chomhchuibhithe ábhartha.

(14) I gcás 3 úsáidtear cóbalt i smideadh do leanaí. Níl aon sonraí ar fáil nó níl ach tearcshonraí ar fáil maidir leis an méid cóbailt (mar eisíontas nó mar chuid de dhathán) sna bréagáin sin. Dá bhrí sin ní fhéadfadh CERTCRTCC measúnú nochta cainníochtúil a sholáthar ar shampla ionadaíoch ná teacht ar chonclúid maidir le húsáid shábháilte cóbailt ba cheart a cheadú faoi Threoir 2009/48/CE.

(15) I gcás 4 úsáidtear cóbalt i bpinn 3T, ábhair do phrintéirí bréagán agus bréagáin phriontáilte. Mheas CERTCRTCC gur cheart aird shonrach a thabhairt ar nochtadh ionanálaithe ó úsáid ábhar ina bhfuil cóbalt i bpinn 3T agus printéirí 3T, úsáid atá ag teacht chun cinn. De réir na tuairime ó CERTCRTCC, ba cheart ábhar ina bhfuil cóbalt a sheachaint do phriontáil 3T dá bhrí sin. Ní féidir aon úsáid shábháilte d'ábhair ina bhfuil cóbalt i bpinn 3T agus printéirí 3T a shainaithint, dá bhrí sin.

(16) I gcás 5 úsáidtear cóbalt i bpéintéireachtaí, dúigh agus bratuithe a úsáidtear do bhréagáin, cailceanna agus buamaí cailce agus bréagáin a dhéantar as leathar nó teicstílí. Tá CERTCRTCC den tuairim nach mór an fhéidearthacht ionghabhála agus an fhéidearthacht go gcuirfí rudaí sa bhéal a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar nochtadh leanaí do chóbalt ó na bréagáin sin. Mar gheall ar bhearnaí sna sonraí ní fhéadfadh CERTCRTCC measúnú nochta cainníochtúil a dhéanamh áfach. D'fhéadfadh riosca féideartha a bheith ag baint le nochtadh ionanálaithe do chóbalt ó chailceanna agus buamaí cailce chomh maith le hábhair bhréagáin phúdracha, ina bhfuil líocha nó datháin chóbailt-bhunaithe i gcás 5. Do na bréagáin sin, mhol CERTCRTCC gur cheart líocha saor ó chóbalt a úsáid. Dá réir sin, don chás seo níor aithin CERTCRTCC aon úsáidí sábháilte ba cheart a cheadú faoi Threoir 2009/48/CE.

(17) I gcás 6 úsáidtear cóbalt i gceallraí. Tá CERTCRTCC den tuairim nach féidir nochtadh do chóbalt ó cheallraí a chur as an áireamh agus gur foinse réalaíoch iad ceallraí (go háirithe na ceallraí cnapchille) do nochtadh féideartha do chóbalt, cé nárbh fhéidir aon chás nochta cainníochtúil a sholáthar. Cé nach dtagann sé ar thátal go sonrach maidir le haon úsáidí sábháilte ba cheart a cheadú faoi Threoir 2009/48/CE, sa tuairim thuasluaite uaidh, aithníonn CERTCRTCC go gceanglaítear leis an gcaighdeán comhchuibhithe ábhartha a thacaíonn le Treoir 2009/48/CE nach bhfuil ceallraí beaga, i.e. ceallraí a théann go hiomlán isteach sa sorcóir mionpháirteanna, mar a shonraítear i bpointe 8.2 de EN 71-1:2014+A1:2018, le bheith inbhainte gan cabhair uirlise (EN IEC 62115 :2020/A11:2020, clásal 13.4.1).

(18) Mar chonclúid, dealraíonn sé ó thuairim CERTCRTCC gur féidir comhpháirteanna bréagán a bhfuil cóbalt iontu atá beartaithe sruth leictreach a sheoladh a cheadú mar chomhpháirteanna atá sábháilte ó thaobh ceimiceán de. Ina theannta sin, is féidir cóbalt a cheadú freisin i mbréagáin agus comhpháirteanna bréagán atá déanta as cruach dhosmálta agus i maighnéid NdFeB a úsáidtear i mbréagáin munar féidir na maighnéid sin a shlogadh nó a ionanálú.

(19) Maidir leis an anailís ar roghanna a rinne tionscal na mbréagán i gcomhréir le Cuid III, pointe 4(c)(ii), d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2009/48/CE, mheas CERTCRTCC í a bheith neamhiomlán mar nár chumhdaigh an anailís gach cás ábhartha. Mar sin féin, a mhéid a bhaineann le cóbalt miotalach atá i gcomhpháirteanna bréagán miotail atá beartaithe sruth leictreach a sheoladh, i mbréagáin agus comhpháirteanna bréagán atá déanta as cruach dhosmálta, a bhfuil cóbalt iontu mar eisíontas i nicil, agus i maighnéid NdFeB, bhí an measúnú iomlán agus níor aithníodh aon substaintí nó meascáin mhalartacha a bhí ar fáil.

(20) I gcomhréir le Cuid III, pointí 4(c)(iii) agus 5(c)(ii), d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2009/48/CE, ní féidir úsáid substaintí CMR de chatagóir 1A, 1B nó 2 a cheadú

má tá toirmeasc ar úsáid na substainte in earraí tomhaltais faoi Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006. Le hiontrálacha 28 agus 30 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann leis an Rialachán sin ní dhéantar ach cur ar an margadh agus úsáid, *inter alia*, cóbailt mar shubstaint nó i meascáin atá le soláthar don phobal i gcoitinne, ach ní in earraí tomhaltais, a shrianadh. Le hiontráil 75 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann leis an Rialachán sin ní dhéantar ach cur ar an margadh agus úsáid, *inter alia*, cóbailt i meascáin chun críocha tatuála, ach ní in earraí tomhaltais, a shrianadh. Le hiontráil 3 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann leis an Rialachán sin ní dhéantar ach cur ar an margadh agus úsáid substaintí leachtacha, lena n-áirítear cóbalt, in earraí ornáideacha atá beartaithe chun éifeachtaí solais nó datha a tháirgeadh, cleasanna, jócanna, cluichí do rannpháirtí amháin nó níos mó agus earraí atá beartaithe a úsáid mar na cluichí sin, chomh maith le cur ar an margadh olaí lampa agus breoslaí lastóirí greille. Maidir le srianadh iontráil 3 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, toisc go bhfuil feidhm aici maidir le cóbalt i bhfoirm leachtach, ní mheastar gurb ionann é agus toirmeasc ar úsáid na substainte sin in earraí tomhaltais chun críocha an mhaolaithe seo toisc nach bhfuil coinne leis an gcruach dhosmálta a bhfuil cóbalt inti a bheith i bhfoirm leachtach. Dá bhrí sin, ní dhéanann an leasú ar Threoir 2009/48/CE, mar a leagtar amach sa Treoir seo, difear do chur i bhfeidhm iontráil 3 maidir le bréagáin a chumhdaítear leis an iontráil sin.

(21) Dá bhrí sin, ba cheart Treoir 2009/48/CE a leasú dá réir sin.

(22) Tá na bearta dá bhforáiltear leis an Treoir seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a leagtar síos le hAirteagal 47 de Threoir 2009/48/CE,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

I bhFoscríbhinn A a ghabhann le hIarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2009/48/CE, cuirtear an ró seo a leanas léi:

| | | |
|---|---|---|
| 'Cóbalt | CMR 1B | I mbréagáin agus i gcomhpháirteanna bréagán atá déanta as cruach dhosmálta, mar eisíontas i nicil atá sa chruach dhosmálta.<br><br>I gcomhpháirteanna bréagán atá beartaithe sruth leictreach a sheoladh.<br><br>I maighnéid neoidimiambhunaithe a úsáidtear i mbréagáin munar féidir na maighnéid sin a shlogadh ná a ionanálú.' |

*Airteagal 2*

1. Faoin *[Cuir isteach anseo an dáta 6 mhí tar éis a foilsithe san Iris Oifigiúil.]* ar a dhéanaí, déanfaidh na Ballstáit na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a ghlacadh agus a fhoilsiú. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón [ *Cuir isteach anseo an dáta 7 mí tar éis a foilsithe san Iris Oifigiúil.*]**.**

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula von der Leyen